# IARRATAIS CHOINNEÁLA

# SEICLIOSTA TREORACH

Mar aon leis na riachtanais reachtúla, seo roinnt rudaí eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach maidir le hiarratas coinneála. Is treoir é seo agus ní liosta uileghabhálach é ach d'fhéadfadh go gcabhródh sé leat moill a sheachaint agus d'iarratas á phróiseáil:-

- Stair uile an láithreáin le tabhairt/hachoimriú san iarratas.
- An talamh ar fad atá i ngorm le taispeáint, mar aon leis na teorainneacha láithreáin, a bheith i ndearg.
- Taispeáin go soiléir na limistéir a bhfuil iarratas coinneála á dhéanamh ina leith agus déan dealú idir iad sin agus an bunfhoirgneamh agus/nó an ceadú a tugadh. Bíodh sceideal an achair urláir san áireamh.
- Má bhíonn seomraí codlata breise (ualú breise) ann, ba cheart acmhainn an láithreáin (e.g. an córas páirceála agus dramhuisce) freastal ar an bpobal a phlé san iarratas. Má bhaineann ualú breise leis an mbonneagar poiblí, beidh ar an iarratasóir/ngníomhaire dul i gcomhairle le hUisce Éireann
- Cinntigh go bhfuil na ranníocaíochtaí bunfhorbartha a bhaineann leis an iarratas (na hiarratais) a bhí ann cheana íoctha nó go bhfuil siad i bplean íocaíochta
- Cuir san áireamh aon choinníollacha a bhí ann roimhe seo nár cuireadh i bhfeidhm (e.g. balla tosaigh teorann) agus taispeáin an méid sin ar leagan amach an láithreáin atá le críochnú
- Litir toilithe ó úinéirí talún a bhaineann le hábhar chun seirbhísí comhroinnte (mura leis an iarratasóir amach is amach na seirbhísí) a úsáid/chun ceangal de na seirbhísí sin - páirceáil, bóthar, ionad cóireála dramhuisce, etc.
- Sa chás go bhfuiltear ag athrú an iarratais coinneála ó úsáid miondíola/oifige go tithíocht, taispeáin na limistéir spáis oscailte phríobháidigh agus phoiblí
- Ba cheart go gcuirfí in iúl i bhfógraí poiblí cé acu an mbaineann nó nach mbaineann an t-iarratas coinneála le foirgneamh atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta nó san ACA
- Sa chás gur cuí é, cuimhnigh ar na himpleachtaí atá aige don AA agus do Mheasúnú Riosca Tuilte